An Roinn Gnóthaí Fostaíochta
agus Coimirce Sóisialaí
Department of Employment Affairs
and Social Protection

# Scéim Teanga
# 2019 - 2022

## Clár


| | | |
|---|---|---|
| **Caibidil 1** | **Cúlra** | **3** |
| **Caibidil 2** | **Forléargas ar an Roinn** | **5** |
| **Caibidil 3** | **Seirbhísí Reatha a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge** | **8** |
| **Caibidil 4** | **Feabhas ar na Seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge** | **11** |
| **Caibidil 5** | **Monatóireacht agus Foilsiú na Scéime** | **14** |

# Caibidil 1 Cúlra

## 1.1 Réamhrá

D'ullmhaigh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ('An Roinn') an Scéim Teanga seo, mar a cheanglaítear faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ('an tAcht').

Foráiltear san Acht do scéim reachtúil arna hullmhú ag comhlachtaí poiblí ina ndéantar cur síos ar na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

a) trí mheán na Gaeilge;
b) trí mheán an Bhéarla;
c) trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla,

agus ar na bearta a ghlacfar le cinntiú, maidir le haon seirbhís nach gcuirtear ar fáil trí mheán na Gaeilge, go gcuirfear ar fáil ar an gcaoi sin í laistigh de thréimhse ama aontaithe. Is ar an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ('an tAire') atá an fhreagracht as na Scéimeanna a dheimhniú.

I gcomhréir le halt 14(3) den Acht, fanann scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí cibé am a ndeimhníonn an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta scéim nua, cibé acu is déanaí.

## 1.2 Comhthéacs na Scéime

D'aontaigh an Roinn Coimirce Sóisialaí, mar a bhí ag an am, agus an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta scéim a tháinig i bhfeidhm ar an 16 Márta 2015. Leanann an scéim seo an scéim a bhí ann níos luaithe.

Le blianta beaga anuas, tá athrú ó bhonn ar eagar agus struchtúr na Roinne. Forbraíodh an córas Intreo, a rinne cónascadh idir seirbhísí leasa shóisialaigh agus an tSeirbhís Leasa Pobail agus na seirbhísí poiblí fostaíochta. D'fhorbair an Roinn agus chuir sí i bhfeidhm scéimeanna nua amhail Sochar Atharthachta, an Scéim Aistrithe um Chuardaitheora Poist do thuismitheoirí aonair, agus an dreasacht earcaíochta JobsPlus a thacaíonn le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach. Rinneadh an próiseas cláraithe SAFE a leathadh amach d'os cionn 3 mhilliún saoránach agus chuir an Roinn seirbhísí nua ar líne amhail MyWelfare.ie agus MyGovID.ie i bhfeidhm agus rinneadh ceannródaíocht i bhforbairt na reachtaíochta maidir le hinscne a aithint. Le deireanas, leagadh an fhreagracht as gnóthaí saothair agus dlí an tsaothair, as an gCoimisiún um Pá Íseal san áireamh, ar an Roinn le héifeacht ó Mheán Fómhair 2017. Is léiriú leathadh amach ról na Roinne ar an gcaoi seo ar an dlúthchcheangal atá idir leas sóisialach, seirbhísí fostaíochta agus an margadh saothair.

Agus an Scéim seo á forbairt, cuireadh chuig scéim teanga a fhorbairt a thugann le fios aidhmeanna na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí nuachóirithe agus a fhreagraíonn don réimse leathan riachtanas ar fud na heagraíochta ar fad. Chuaigh an Roinn i gcomhairle leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an scéim seo á forbairt.

## 1.3 Ullmhú na Scéime

Foráiltear faoin Acht go bhféadann an tAire a iarraidh ar chomhlacht poiblí dréachtscéim a ullmhú lena deimhniú ag an Aire. Foráiltear faoin Acht freisin go ndéanfadh an tAire treoirlínte a ullmhú chun cabhrú le hullmhú na ndréachtscéimeanna. Dréachtaíodh an Scéim seo i gcomhréir leis na treoirlínte, faoi threoir an phrionsabail go mbeadh soláthar seirbhísí i nGaeilge bunaithe ar:

- leibhéal an éilimh ar sheirbhísí faoi leith i nGaeilge;
- an tábhacht atá le cur chuige forghníomhach maidir le seirbhísí dá leithéid a sholáthar, agus

- na hacmhainní atá ar fáil, lena n-áirítear na hacmhainní daonna agus airgeadais, agus ábaltacht an chomhlachta atá i gceist an cumas riachtanach teanga a fhorbairt agus a chur ar fáil.

I mí Feabhra 2018, d’fhoilsigh an Roinn fógra ag lorg aighneachtaí ó aon pháirtí leasmhar maidir le hullmhú na Scéime nua. Cuireadh fógra ag lorg aighneachtaí ar shuíomh gréasáin na Roinne agus seoladh fógra den chineál céanna chuig gach ball foirne sa Roinn. Chuir na haighneachtaí a fuarthas bonn eolais faoin Scéim nua.

Forbraíodh an Scéim i gcomhthéacs bheartas an Rialtais, ‘Straitéis 20 Bliana don Ghaeilge 2010-2030’.

Tá an scéim ag teacht leis na prionsabail maidir le Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus le Cairt Chustaiméirí na Roinne. Leagadh amach í ar mhaithe le cinntiú go ndéanfar na hoibleagáidí ábhartha ar fad faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh ar bhonn forchéimnithe, leis an scéim seo agus na scéimeanna a thagann ina diaidh.

### 1.4 Cuspóirí agus Ábhar Scéim 2019 – 2022

Is é cuspóir na Scéime ná go gcuirfear leis an dul chun cinn atá déanta leis na blianta, agus go gcoinneofar agus go bhfeabhsófar an leibhéal caighdeáin a bhaineann leis na seirbhísí trí Ghaeilge a chuirtear ar fáil dár gcustaiméirí i rith ré na Scéime.

Áirítear leis an Scéim tiomantas monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge ionas gur féidir linn an t-éileamh sin a shásamh ar dhóigh phleanáilte, chiallmhar, phraiticiúil.

### 1.5 Tosach Feidhme na Scéime

Tá an Scéim deimhnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tagann an Scéim i bhfeidhm ar an 26 Feabhra 2019 agus fanfaidh sí i bhfeidhm go ceann tréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go dtí go ndeimhníonn an tAire Scéim nua, cibé acu is déanaí.

## Caibidil 2 Forléargas ar an Roinn

### 2.1 Misean agus Cuspóirí

Is é ráiteas misin na Roinne ná **'**Rannpháirtíocht ghníomhach agus cuimsiú sa tsochaí a chur chun cinn trí chreat na gceart fostaíochta agus trí thacaí ioncaim, seirbhísí fostaíochta agus seirbhísí eile a chur ar fáil'.

Is é cuspóir ginearálta na Roinne díriú isteach ar riachtanais na gcliant, seirbhís éifeachtach éifeachtúil a chur ar fáil agus ár bhfoireann, struchtúir agus próisis a fhorbairt go leanúnach.

### 2.2 Príomhfheidhmeanna

Tacaíonn an Roinn leis an Aire Coimirce Sóisialaí i gcur i gcrích dhualgais rialtais, pharlaiminte agus roinne. Is iad príomhfheidhmeanna na Roinne ná:

- comhairle a chur ar an Rialtas agus beartais chuí choimirce sóisialaí agus chuimsithe sóisialaí a leagan amach;
- tacaíocht ioncaim, seirbhísí gníomhachtaithe agus seirbhísí fostaíochta atá éifeachtach agus cost-éifeachtúil a dhearadh, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus faisnéis chruinn chuimsitheach a sholáthar do na custaiméirí go léir;
- obair a dhéanamh chun soláthar seirbhísí gan uaim a dhéanamh i gcomhar le Ranna, Gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile;
- dlí na fostaíochta agus an beartas gnóthaí saothair a fhorbairt agus
- rialú a dhéanamh maidir le calaois agus mí-úsáid amhrasta i ndáil le híocaíochtaí leasa shóisialaigh.

### 2.3 Na Príomhsheirbhísí

Riarann an Roinn breis is 70 scéim agus seirbhís ar leithligh a théann i bhfeidhm ar bheagnach gach duine sa Stát. Déantar os cionn 1.8 milliún éileamh ó chustaiméirí a phróiseáil agus beagnach 81 milliún íocaíocht scéime gach bliain. B'ionann caiteachas iomlán na Roinne sa bhliain 2017 agus €19.9 billiún.

Ar na príomhsheirbhísí, tá:

- réimse leathan íocaíochtaí árachais shóisialaigh agus tacaíochta ioncaim i gcáil cúnamh sóisialta a íoc, amhail íocaíochtaí le cuardaitheoirí poist, sochar breoiteachta agus íocaíochtaí míchumais, pinsin agus liúntais leasa fhorlíontacha, mar aon leis an íocaíocht uilíoch sochair linbh;
- comhtháthú a dhéanamh, trí sheirbhísí Intreo, ar sheirbhísí fostaíochta agus íocaíochtaí sochair, lena chinntiú go mbíonn nasc díreach idir an tacaíocht ioncaim a íoctar le daoine nach bhfuil post acu agus tasc atá chomh tábhachtach céanna, is é sin tacú le daoine agus iad ag lorg deiseanna fostaíochta, oiliúna agus oideachais, ionas gur fearr an seans a bheidh acu sa saol;
- réimse tacaíochta fostaíochta a sholáthar, mar aon le deiseanna intéirneachta, seirbhísí treorach agus seirbhísí socrúcháin chun cabhrú le cuardaitheoirí poist fostaíocht a aimsiú agus a fháil;
- réimse seirbhísí a sholáthar d'fhostóirí, lena n-áirítear seirbhísí earcaíochta, folúntais phoist a fhoilsiú ar líne, tacaíocht fostaíochta (m.sh. scéimeanna fóirdheontais pá do dhaoine faoi mhíchumas) agus seirbhísí iomarcaíochta agus dócmhainneachta;
- réimse seirbhísí pobail lena gcothaítear an cuimsiú sóisialta agus lena soláthraítear bealaí chun na fostaíochta do dhaoine atá dífhostaithe;

- beartas cuí stuama a fhorbairt maidir le réimsí amhail pinsin, míchumas, taca ioncaim leanaí, cuardaitheoirí poist agus gníomhachtú agus
- comhordú a dhéanamh ar chur chun feidhme straitéisí Rialtais don chuimsiú sóisialta faoin bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta agus faoi Straitéis na hEorpa 2020 ar mhaithe le poist agus fás.

## 2.4 Eagar na Roinne

Ag deireadh na bliana 2017, bhí 6,730 duine ar fhoireann na Roinne (coibhéis poist lánaimseartha de 6,364 duine) lena n-áirítear an fhoireann bhuan agus an fhoireann shealadach araon.

Is mar seo a leanas atá an Roinn eagraithe;

- Tá oifigí láraithe in áiteanna éagsúla ar fud na tíre i mbun fhormhór na hoibre riaracháin i dtaobh scéimeanna fadtéarmacha na Roinne agus a lán dá cuid scéimeanna gearrthéarmacha, agus tá freagrachtaí éagsúla orthu i dtaobh beartais freisin. Orthu seo tá oifigí i: Bun Cranncha, Cora Droma Rúisc, Baile Átha Cliath, Dún Dealgan, Leitir Ceanainn, An Longfort, Ros Comáin, Sligeach, agus Port Láirge.
- Soláthraíonn stiúrthóireacht Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha na Roinne acmhainní daonna, forbairt foirne, buiséad agus airgeadas, iniúchóireacht inmheánach, reachtaíocht, agus tacaíocht beartais agus comhairle don Aire.
- Soláthraíonn an Roinn scéimeanna agus seirbhísí áitiúla trí líonra náisiúnta seasca a trí Ionad Intreo, caoga a hocht Oifig Brainse agus ceithre Oifig Rialaithe.
- Déantar na seirbhísí áitiúla a bhainistiú trí struchtúr bainistíochta réigiúnach/rannógach leis an tír roinnte ina dhá réigiún, faoi chúram Rúnaí Cúnta. Tá an dá réigiún náisiúnta seo roinnte ina ndeich rannán ar fad ar fud na hÉireann.
- Tá gach rannán faoi cheannas bhainisteoir rannáin atá freagrach as thacaíocht agus sheirbhísí na Roinne a sholáthar go laethúil ar an leibhéal áitiúil, tacaíocht ioncaim agus seirbhísí fostaíochta a chur ar fáil ar fud an réigiúin san áireamh.

## 2.5 Soláthar seirbhísí

Soláthraíonn an Roinn seirbhísí duine le duine don phobal trína seirbhísí ar líne, ar an bhfón agus trí chumarsáid i scríbhinn.

### An Suíomh Gréasáin

Is seirbhís eolais bhuntábhachtach do chustaiméirí suíomh gréasáin na Roinne (www.welfare.ie) trína gcuirtear ar fáil foirmeacha iarratais agus sonraí maidir leis na scéimeanna agus na seirbhísí atá ar fáil.

### Seirbhísí Áitiúla agus Intreo

Tá freagracht ar an deich limistéar rannógach thuasluaite as samhailchóras gníomhachtúcháin agus tacaíochta ioncaim comhtháite a chur ar fáil go háitiúil lena n-áirítear soláthar seirbhís ‘ionad ilfhreastail’ – Intreo – don chliant. Tá cur i bhfeidhm Sheirbhís Intreo ina dhlúthchuid de ghealltanais an Rialtais faoin mbeartas Bealaí Chun na hOibre. Nascann an t-ionad ilfhreastail seo tacaíochtaí fostaíochta agus ioncaim agus cuirtear seirbhís chuíchóirithe agus phearsanta ar fáil don chustaiméir maidir le teacht a fháil ar dheiseanna agus leas a bhaint as tacaíochtaí fostaíochta ionas go bhféadann siad filleadh ar an obair a luaithe is féidir. Tá Seirbhís iomlán Intreo ar fáil anois ag gach ceann d’iaroifigí áitiúla na Roinne.

### Seirbhísí Ar Líne

Beidh dúshláin agus athruithe leanúnacha roimh an Roinn ó thaobh mhodh déanta an ghnó. Tá athrú freisin ar a mbíonn súil leis ag an gcustaiméara agus éilítear seirbhísí a chur ar fáil ar bhealaí éagsúla atá furasta a thapú, go luath agus go slán. Sa bhliain 2014/15, thosaigh an Roinn ag obair chun seirbhísí slán, pearsanta, dátheangacha a chur ar fáil ar líne. Cruthaíodh ardán nua don rialtas ar fad dar ainm MyGovID, ar tairseach aitheantais agus rochtana aonair é, atá slán agus ar líne, trínar féidir réimse seirbhísí ón Rialtas a thapú. Chun go mbeadh teacht ag custaiméirí na Roinne ar sheirbhísí leasa shóisialaigh pearsanta ar líne, chruthaigh an Roinn freisin tairseach ar líne, dar ainm MyWelfare, atá slán agus dírithe ar an gcustaiméir. Tá seirbhísí nua á gcur le MyWelfare agus tá obair leanúnach á dhéanamh chun athbhreithniú a dhéanamh ar eispéireas an chustaiméara le cinntiú go mbíonn na seirbhísí áisiúil, iomasach agus ag freagairt do riachtanais an chustaiméara.

Is seirbhís dhigiteach do chomhpháirtithe gnó na Roinne atá in WelfarePartners (www.welfarepartners.ie) a úsáideann teastas digiteach Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) chun fíordheimhniú agus neamhshéanadh a dhéanamh. Bhí Fostaíocht Pobail (FP) ar an gcéad seirbhís a cuireadh ar fáil d'fhostóirí sa bhliain 2017. Tá seirbhísí sochair chóireála curtha leis ó shin agus leathnaíodh an tseirbhís ar líne WelfarePartners go dtagann daoine féinfhostaithe agus trádálaithe aonair faoina scáth.

### Seirbhísí Eile

Riarann oifigí láraithe i mBaile Átha Cliath, Leitir Ceanainn, Sligeach, Longfort, Dún Dealgan, Cora Droma Rúisc, Béal Átha Beithe, Bun Cranncha, Tobar an Choire agus Port Láirge seirbhísí eile ar bhonn náisiúnta. Pléann formhór na n-oifigí seo le custaiméirí go díreach trí oifigí poiblí, ar líne, ar an bhfón, agus i scríbhinn. Baineann a gcuid oibre den chuid is mó le riarachán na scéimeanna íocaíochta.

Pléann seirbhísí láraithe eile go príomha le pleanáil, teicneolaíocht faisnéise, agus ceisteanna riaracháin inmheánacha agus is beag caidrimh a bhíonn acu leis an bpobal i gcoitinne.

Bainistíonn an Phríomh-Oifig Chlárúcháin (POC), atá lonnaithe i Ros Comáin, an tSeirbhís um Chlárú Sibhialta, seirbhís a chláraíonn breitheanna, marbhghinte, uchtuithe, póstaí, páirtnéireachtaí sibhialta agus básanna sa Stát. Tá oifig phoiblí dá cuid i mBaile Átha Cliath freisin. Soláthraíonn Cláraitheoirí, arna gceapadh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, seirbhísí clárúcháin in áiteanna éagsúla ar fud an Stáit.

Tá an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Bunaíodh an oifig seo chun seirbhís achomhairc a chur ar fáil do dhaoine atá míshásta le cinntí na Roinne maidir le ceisteanna a bhaineann lena dteidlíocht íocaíochtaí leasa shóisialaigh a fháil agus lena gcearta maidir le hinárachas fostaíochta faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh.

### Oifigí Gaeltachta

Tá na hoifigí poiblí seo a leanas lonnaithe i gceantair Ghaeltachta: Oifigí Intreo Acla, an Chlocháin Léith agus Bhéal an Mhuirthead, agus Oifig Bhrainse an Daingin.

# Caibidil 3 Seirbhísí Reatha a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge

## 3.1 Seirbhís Ardchaighdeáin

Tá an Roinn tiomanta do sheirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil don chustaimeír i nGaeilge nó i mBéarla, cibé ceann a éilíonn an custaiméir. Leagtar amach sa Chaibidil seo achoimre ar na seirbhísí atá ar fáil don phobal trí Ghaeilge faoi láthair.

## 3.2 Oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla

Tá an Roinn tiomanta do na hoibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh agus is é polasaí na Roinne na rudaí seo a leanas a chinntiú:

- Go bhfreagraítear i nGaeilge gach litir nó r-phost a fhaightear i nGaeilge.
- Go gcuirtear ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach ceannteidil ar stáiseanóireacht, lena n-áirítear páipéar litreach, duillíní dea-mhéine, bileoga cumhdaigh facs, cumhdaigh comhaid agus cumhdaigh eile, lipéidí agus cumhdaigh litreach.
- Go mbíonn gach fógra ó bhéal dátheangach.
- Go bhfoilsítear doiciméid ina leagtar amach tograí faoi bheartais phoiblí, ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéiseacha go dátheangach ar shuíomh gréasáin na Roinne.
- Go mbíonn an chomharthaíocht in oifigí na Roinne ag teacht leis an Acht.
- Go mbíonn ciorcláin/ coranna poist dátheangach.
- Go mbaineann an Roinn úsáid as logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta.

## 3.3 An Suíomh Gréasáin

Tá go leor ábhair i nGaeilge agus i mBéarla ar shuíomh gréasáin na Roinn, **www.welfare.ie**. Tagann san áireamh leis seo faisnéis maidir le réimse scéimeanna agus seirbhísí na Roinne chomh maith le foirmeacha fiosrúcháin ar líne. Is féidir foirmeacha iarratais agus bileoga eolais a íoslódáil ó shuíomh gréasáin na Roinne i nGaeilge agus i mBéarla.

Tá polasaí teanga maidir leis an suíomh gréasáin i bhfeidhm ag an Roinn atá ar fáil i leagan dátheangach ar shuíomh Inlín na Roinne. Tagann san áireamh leis an bpolasaí sin foráil go gcuirfear ceist ar úinéir aon ábhar a fhoilsítear ar an suíomh gréasáin cibé ar gá é a fhoilsiú go comhuaineach sa dá theanga oifigiúil nó nach gá. Más amhlaidh gur gá, éilítear ar úinéir an ábhair leagan Gaeilge a chur ar fáil sular féidir an leagan Béarla a fhoilsiú.

Tá an Roinn tiomanta do chinntiú go bhfuil an fhaisnéis ar fad atá ar a suíomh gréasáin áisiúil ag na custaiméirí ar fad atá aici faoi láthair agus a bheidh aici amach anseo, ag teaghlaigh, daoine fostaithe, cuardaitheoirí poist, fostóirí, daoine faoi mhíchumas, cúramóirí, comhlachtaí ionadaíocha ag daoine atá ar scor agus ag seandaoine, ag an bhfoireann agus ag Ranna Rialtais agus soláthraithe faisnéise eile amhail an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Tá foirmeacha iarratais agus bileoga eolais ar fáil le híoslódáil ó shuíomh gréasáin na Roinne, rud atá ag teacht lenár dtiomantas foirmeacha iarratais agus bileoga eolais faoi scéimeanna na Roinne a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla ar an Suíomh Gréasáin

Ina theannta sin, ó chuirfear tús leis an Scéim, cuirfear ar fáil foirm ar líne do chustaiméirí i nGaeilge agus i mBéarla ar **www.welfare.ie** chun go bhféadfaidh siad ceisteanna a sheoladh chuig an Roinn agus leanfar de sin ar feadh ré feidhme na Scéime.

### 3.4 Seirbhísí Ar Líne

Tá na seirbhísí agus an fhaisnéis ar fad atá ar www.MyGovid.ie, www.MyWelfare.ie agus www.WelfarePartners.ie ar fáil dár gcustaiméirí i nGaeilge agus i mBéarla. Ní mór na seirbhísí i nGaeilge agus i mBéarla a bheith ar fáil agus ag feidhmiú go hiomlán sula bhfoilsítear iad 'beo' ar líne.

Tá liosta de na seirbhísí MyWelfare reatha le fáil in **Aguisín 1.**

### 3.5 Soláthar seirbhísí ar an bhfón/duine le duine trí Ghaeilge

Tá dhá phríomhchineál réimse seirbhísí i gceist: seirbhísí áitiúla a chuireann Ionaid Intreo agus Oifigí Brainse ar fáil den chuid is mó agus réimsí Scéimeanna Lárnaithe lena ndéantar soláthar do réimse leathan scéimeanna árachais shóisialaigh agus scéimeanna tacaíochta ioncaim cúnaimh shóisialta amhail íocaíochtaí sochair linbh agus íocaíochtaí breoiteachta/míchumais agus pinsin.

Cuireann go leor d'Ionaid Intreo agus d'Oifigí Brainse na Roinne seirbhís ar an bhfón/duine le duine trí Ghaeilge ar fáil faoi láthair. Sna hoifigí seo, mura mbíonn ball foirne a bhfuil Gaeilge acu ar fáil ag an am a nglaonn an custaiméir/a dtugann an custaiméir cuairt ar an oifig, tairgítear don chustaiméir coinne a shocrú chun seirbhísí duine le duine/ar an bhfón a chur ar fáil trí Ghaeilge. Tugtar liosta de na hoifigí ina bhfuil an cumas an tseirbhís seo a sholáthar in Aguisín 2.

Tá sé de chumas sna hoifigí Scéime lárnaithe seo a leanas seirbhís teileafóin a chur ar fáil trí Ghaeilge:

- Seirbhísí Leasa Shóisialaigh Leitir Ceanainn
- Seirbhísí Leasa Shóisialaigh Shligigh
- Seirbhísí Leasa Shóisialaigh an Longfoirt
- Seirbhísí Leasa Shóisialaigh Bhun Cranncha
- An Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh (Baile Átha Cliath)
- An Rannóg Sochair Bhreoiteachta (Baile Átha Cliath)
- An Rannóg Faisnéise Ginearálta (Baile Átha Cliath)

Nuair a chuireann an custaiméir glao ar cheann de na háiteanna seo, ceanglófar iad le ball foirne ag a bhfuil labhairt na Gaeilge. De rogha air sin, glacfar a gcuid sonraí agus déanfar socrú go nglaofaidh ball foirne ag a bhfuil Gaeilge ar ais orthu.

### 3.6 An tSeirbhís Aistriúcháin agus Ateangaireachta

Déileálann Rannóg Seirbhísí Faisnéise agus Ateangaireachta na Roinne le hiarratais ó na réimsí gnó maidir le seirbhísí aistriúcháin/ ateangaireachta. Socraíonn an tseirbhís seo, atá ar fáil go lárnach, aistriúchán tráthúil ar chomhfhreagras agus ar cháipéisí. Déanann an Rannóg socruithe freisin chun seirbhís ateangaireachta a chur ar fáil i gcásanna inar mhaith le custaiméir an gnó a dhéanamh trí Ghaeilge agus gan ball foirne ar fáil chun an tseirbhís sin a sholáthar. Is féidir an tseirbhís ateangaireachta a chur ar fáil trí ghlao teileafóin 3 bhealach, nó duine le duine, de réir mar a éilítear.

### 3.7 Oifigí i gceantair Ghaeltachta

Tá ceithre oifig phoiblí ag an Roinn i gceantair Ghaeltachta. Tá an cumas seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil i ngach ceann acu sin.

An tráth a mbíonn cruinniú poiblí á eagrú i gceantar Gaeltachta, is féidir na cruinnithe sin a reáchtáil i nGaeilge/ go dátheangach de réir mar a éilíonn an lucht freastail.

### 3.8 Feidhmchláir Oifige agus Córais Próiseála

Is féidir sonraí Gaeilge a láimhseáil le feidhmchláir ríomhaire/ córais próiseála na Roinne ionas go gcuidítear le próiseáil agus cumarsáid le custaiméirí trí mheán na Gaeilge.

Cuimsítear mar chuid de Theimpléad na Roinne d'Iarratais ar Thairiscintí do Sheirbhísí coinníoll go gcloífidh an Forthairgeoir a fhaigheann an conradh leis na beartais agus/nó na treoirlínte ar fad a bhaineann le soláthar na Seirbhísí, lena n-áirítear, cé nach teoranta ina leith sin amháin, cloí le polasaithe agus/nó le prótacail maidir le dlí na fostaíochta, leis na teangacha oifigiúla, agus leis na rialacháin sláinte agus sábháilteachta.

### 3.9 Teachtaireachtaí R-phoist

Bíonn teachtaireachtaí caighdeánacha atá mar chuid de r-phoist na Roinne, amhail séanadh freagrachta, i nGaeilge agus i mBéarla.

### 3.10 STÓR

STÓR is ainm do shuíomh inlín na Roinne. Tá leathanach faoi leith maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla ar fáil ar STÓR ar a bhfuil eolas a chabhróidh le foireann na Roinne cloí le hoibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus feabhas a chur ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Tá suíomh Gaeilge faoi leith ann freisin (dar ainm Gaeilge) ina bhfuil eolas ar fáil faoí chúrsaí cultúrtha agus gnó. Tugtar san áireamh leis an ábhar gnó ar an suíomh seo nótaí treorach, bunachar sonraí maidir le comharthaí dátheangacha agus samplaí de stáiseanóireacht dhátheangach. Déantar an suíomh Gaeilge a thabhairt suas chun dáta go rialta le heolas faoi na Teangacha Oifigiúla agus le nuacht faoi ócáidí agus foilseacháin.

### 3.11 Oiliúint agus Forbairt

Tá réimse tacaíochtaí ar fáil trí Aonad Forbartha Foirne (SDU) na Roinne chun na scileanna agus an fhéinmhuinín is gá a thabhairt don fhoireann túslíne chun seirbhís ardchaighdeáin don chustaiméir a chur ar fáil trí Ghaeilge ar an bhfón, i litreacha agus duine le duine.

Leanann an Roinn ag spreagadh na foirne chun leas a bhaint as an réimse tacaíochtaí atá ar fáil, agus iad a spreagadh ach go háirithe páirt a ghlacadh sna cúrsaí oiliúna Gaeilge. Tugtar tacaíocht don fhoireann ar bhonn leanúnach an Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil (Leibhéil NFQ 3 go 6) a dhéanamh le Gaelchultúr. Rinne an Roinn measúnú ar riachtanais oiliúna Gaeilge trí dul i gcomhairle le bainisteoirí agus le baill foirne agus eagraíodh oiliúint sa Ghaeilge don fhoireann. Cuireann Gaelchultúr measúnú inniúlachta teanga réamh-iontrála ar fáil chun a chinntiú go guirtear oiliúint ar an leibhéal cuí ar bhaill na foirne.

Rinne an Roinn cinnte de freisin go ndírítear aire na foirne ar chúrsaí oiliúna foirne ábhartha, lena n-áirítear cúrsaí ionduchtúcháin d'iontrálaithe nua agus cúrsaí oiliúna do bhainisteoirí, ar na hoibleagáidí faoi Acht agus Scéim na dTeangacha Oifigiúla. Chun na críche sin, cuireann an tAonad Forbartha Foirne Oiliúint Ghaeilge chun cinn mar chuid de Chúrsaí Oiliúna ar "Líonrú", "Ionduchtúcháin & Gairmthreoir", agus "Seirbhís Túslíne do Chustaiméirí". Déantar tagairt shonrach do na hoibleagáidí faoi Acht na dTeanga Oifigiúla ar na cúrsaí oiliúna seo, agus cuirtear béim ar sheirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin agus tacaíochtaí oiliúna teanga na Roinne, lena n-áirítear scéim Aisíoc Táillí na Roinne do bhaill foirne a ghlacann páirt in oideachas Gaeilge taobh amuigh d'uaireanta oibre.

## Caibidil 4 Feabhas ar na Seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge

### 4.1 Seirbhís Ardchaighdeáin

Tá an Roinn tiomanta do sheirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil dá custaimeírí i nGaeilge nó i mBéarla cibé teanga a éilíonn an custaiméir. Leagtar amach sa Chaibidil seo an leibhéal seirbhíse a bheidh ar fáil don phobal i rith thréimhse na Scéime, 2018 go 2021. Leagtar amach freisin na bearta agus na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh an Roinn i rith na dtrí bliana atá romhainn chun na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge a choinneáil agus a fheabhsú.

### 4.2 Cairt Custaiméirí

Maítear i gCairt Chustaiméirí agus Plean Gníomhaíochta na Roinne 2016-2018, a cuireadh i gcrích i gcomhréir leis na Prionsabail Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, go ndéanfaidh an Roinn ‘a gnó trí Ghaeilge, má éilítear sin, agus go gcuirfidh sí custaiméirí ar an eolas faoin gceart atá acu a ngnó a dhéanamh trí cheann amháin de na teangacha oifigiúla’. Leanfaidh an Roinn den tiomantas seo do sheirbhís ardchaighdeáin trí Ghaeilge a thabhairt san áireamh sa Chairt Chustaiméirí agus sa Phlean Gníomhaíochta.

### 4.3 Comhfhreagras

Anuas ar an oibleagáid freagra i nGaeilge a thabhairt ar aon chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge, tá an Roinn tiomanta, ó thús na scéime, comhfhreagras i nGaeilge a dhéanamh le custaiméirí a bhfuil sé curtha in iúl acu gurbh fhearr leo cumarsáid a theacht chucu trí Ghaeilge.

Tá clár curtha i bhfeidhm ag an Roinn chun a cuid córas teicneolaíochta faisnéise a nuachóriú agus tá córais Business Objects Model (BOMi) curtha in ionad na seanchóras. Tá de chumas le córais BOMi rogha teanga an chliaint a thaifead nuair a chláraítear an t-éileamh. Nuair a chuireann custaiméir in iúl dúinn gurbh fhearr leis nó léi cumarsáid trí Ghaeilge, tá próisis tugtha chun cinn lena gcinntítear go ndéantar cumarsáid leis an gcustaiméir trí Ghaeilge. Próiseáltar gach scéim de chuid na Roinne ar an gcóras BOMi seachas roinnt scéimeanna a bhaineann le haois oibre. Mar chuid den fhorbairt a tharlóidh sa todhchaí faoin gclár nuachóirithe, tabharfar na scéimeanna sin faoi scáth chóras BOMi.

### 4.4 An Suíomh Gréasáin

Cuirfidh an Roinn leis an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo maidir le soláthar faisnéise, foirmeacha iarratais agus bileoga i nGaeilge agus i mBéarla ar shuíomh gréasáin na Roinne. Beidh aon bhileog eolais agus foirm iarratais sheasta nua a chuirtear ar an suíomh gréasáin ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

Leanfaidh an Roinn den pholasaí teanga don suíomh gréasáin a chur i bhfeidhm.

Tá an Roinn tiomanta do na Preasráitis a chur ar fáil trí Ghaeilge ar an suíomh gréasáin. Ó thús na scéime, déanfar gach Preasráiteas a aistriú go Gaeilge agus a fhoilsiú ar an suíomh gréasáin a luaithe agus is féidir tar éis iad a fhoilsiú i mBéarla.

### 4.5 Seirbhísí Ar Líne

Mar atá luaite cheana, déantar na seirbhísí agus an fhaisnéis ar fad atá ar www.MyGovid.ie, www.MyWelfare.ie agus www.WelfarePartners.ie a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Ó thús na scéime, cuirfear seirbhísí nua ar fáil go hiomlán i nGaeilge agus i mBéarla sula bhfoilsítear ‘beo’ iad.

## 4.6 Soláthar seirbhísí ar an bhfón/duine le duine trí Ghaeilge

Oibreoidh an Roinn chun leibhéal na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge mar atá leagtha amach in alt 3.5 a chaomhnú agus a fheabhsú. Ina ainneoin sin, tá seo faoi réir bheartas ginearálta an rialtais maidir le hearcú agus úsáid foirne in earnáil na seirbhíse poiblí agus maidir leis na forálacha buiséadacha cuí.

## 4.7 An tSeirbhís Aistriúcháin agus Ateangaireachta

Leanfaidh an Roinn ag soláthar seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta ar feadh ré na Scéime mar atá leagtha amach in alt 3.6.

## 4.8 Soláthar Seirbhísí i gceantair Ghaeltachta

Tá de chumas sna hoifigí poiblí ar fad i gceantair Ghaeltachta: (in oifigí Intreo Acla, an Chlocháin Léith, Bhéal an Mhuirthead agus oifig brainse an Daingin) seirbhís teileafóin/duine le duine a chur ar fáil trí Ghaeilge agus leanfar dá dhéanamh sin ar feadh ré na Scéime.

Le linn ré na Scéime, oibreoidh an Roinn chun leibhéal na seirbhíse atá ar fáil trí Ghaeilge a chaomhnú agus a fheabhsú i gceantair Ghaeltachta mar atá leagtha amach in alt 3.7 thuas agus ar an dóigh seo a leanas:

- baill foirne a spreagadh agus a chumasú chun freastal ar chúrsaí oiliúna chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú;

- áiteanna a shainaithint a bhfuil oifigeach dátheangach ag teastáil iontu maidir le hoibleagáidí faoi reachtaíocht na Gaeilge. Trí oifigigh dhátheangacha fheidhmiúla a cheapadh de réir na háite gan bheann ar an ngrád, is féidir leis an Roinn leas a bhaint as painéil d'fhostaithe dátheangacha feidhmiúla de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí sna háiteanna ina bhfuil gá leo gan bheann ar ghrád an oifigigh chomh maith le baill foirne inmheánacha a úsáid freisin atá sásta seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil.

- cinntiú go gcuireann Bainisteoirí Oifigí Brainse seirbhís trí Ghaeilge ar fáil in oifigí a fhreastalaíonn ar an nGaeltacht. Ní mór d'Oifigí Brainse seirbhísí ar aon leibhéal leis na hIonaid Intreo a chur ar fáil;

- ar an dóigh seo agus trí mhodhanna eile, tá i gceist go dtarlóidh, le linn ré feidhme roinnt scéimeanna, gurb í an Ghaeilge a bheidh ina teanga oibre sna hoifigí Gaeltachta.

Sa chás go n-eagraítear cruinniú poibli i gceantar Gaeltachta, is féidir na cruinniú den sórt sin a reáchtáil i nGaeilge/go dátheangach de réir mar a éilíonn an lucht freastail.

## 4.9 Poist Ghaeilge Shainithe

Mar chuid de phróiseas pleanála lucht saothair na Roinne, iarrtar ar Phríomhoifigigh sa Roinn poist a shainaithint ba chóir a líonadh le baill foirne a bhfuil de chumas iontu seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil. Tar éis dul i gcomhairle leis na Cinn Rannóige, tháinig an Roinn ar an tuairim gur fearr an chuirfí seirbhís ghnó trí Ghaeilge ar fáil dá sainaithneofaí áiteanna ar leith a bhfuil oifigeach dátheangach de dhíth iontu seachas liosta de phoist dhátheangacha fheidhmiúla shianaitheanta a tharraingt suas, rud a mheastar a bheith róshrianta.

Fágann oifigigh dhátheangacha fheidhmiúla a cheapadh de réir áite gan bheann ar ghrád an oifigigh gur féidir leis an Roinn leas a bhaint as panéil d'fhostaithe dátheangacha feidhmiúla de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí sna háiteanna a bhfuil gá leo gan bheann ar an ngrád agus baill foirne inmheánacha a úsáid freisin atá sásta seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil.

## 4.10 Oiliúint agus Forbairt

Tá an Roinn tiomanta d'fhorbairt agus oiliúint leanúnach na foirne d'fhonn seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil agus chun leanacht den réimse tacaíochta atá ar fáil faoi láthair a chur ar fáil. I rith ré na Scéime, déanfaidh an Roinn iarracht mhór an fhoireann a spreagadh agus a chumasú chun leas a bhaint as an réimse tacaíochtaí atá ar fáil agus, ach go háirithe, páirt a ghlacadh i gcúrsaí oiliúna Gaeilge – féach 3.11. Leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag déanamh measúnaithe ar riachtanais oiliúna Gaeilge trí dul i gcomhairle le bainisteoirí agus baill foirne agus trí oiliúint sa Ghaeilge a eagrú don fhoireann.

Ó thús na scéime, rachaidh an tAonad Forbartha Foirne i dteagmháil leis an Aonad Pleanála Corparáideach maidir le haon riachtanas oiliúna a bheadh ar bhall foirne atá sásta agus ábalta seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil dár gcustaiméirí. Tiocfaidh san áireamh leis seo cúrsaí oiliúna a chur ar fáil dóibh suas go dtí Leibhéal 6 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus más mian leo cúrsaí a dhéanamh ag leibhéil níos airde den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, tabharfar tacaíocht dóibh tríd an scéim um Aisíoc Táillí.

## 4.11 Feidhmchláir Oifige agus Córais Phróiseála

Tá an Roinn tiomanta, ó thús na scéime, do chinntiú go mbíonn na feidhmchláir ríomhaireachta/ córais phróiseála nua ábalta carachtair Ghaelacha a láimhseáil mar atá leagtha amach i 3.8. Luaitear i dtreoirlínte soláthair na Roinne gur gá an tiomantas seo a chur san áireamh nuair a bhíonn riachtanais/ sonraíochtaí do chórais riaracháin á leagan amach.

## 4.12 STÓR

Déanfar monatóireacht, uasghrádú agus feabhsú leanúnach ar an ábhar ar STÓR, suíomh inlín na Roinne. Foilseofar cóip de Scéim na Roinne ar STÓR.

Coinneofar liosta, aibítreach de réir áite, de shonraí teagmhála na mball foirne atá sásta seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge agus coinneofar an liosta seo suas chun dáta ar STÓR.

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag forbairt agus ag feabhsú na faisnéise atá ar fáil agus ag spreagadh na foirne chun an suíomh a úsáid mar phríomhruirlis cumarsáide i nGaeilge.

## 4.13 An tAonad Pleanála Corparáideach

Déanfaidh Aonad Pleanála Corparáideach na Roinne na bearta seo a leanas:

- maoirseacht ar chur i bhfeidhm Scéim na Gaeilge
- tuarascálacha a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm na Scéime
- monatóireacht ar an éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge
- eolaire maidir leis na baill foirne atá sásta seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge a athbhreithniú agus a thabhairt suas chun dáta gach bliain
- suíomh Gaeilge STÓR a thabhairt suas chun dáta ionas go dtugtar léargas ar chora nua maidir le reachtaíocht na dTeangacha Oifigiúla
- Leanfaidh an Roinn ag forbairt agus ag cur feabhas ar an bhfaisnéis atá ar fáil ar shuíomh Gaeilge STÓR agus spreagfar baill na foirne chun úsáid a bhaint as an suíomh mar phríomhuirlis cumarsáide Gaeilge
- aon ghearán a fhaightear ó chustaiméirí maidir le seirbhísí trí Ghaeilge a fhreagairt

# Caibidil 5 Monatóireacht agus Foilsiú na Scéime

## 5.1 Monatóireacht agus Athbhreithniú

Tabharfaidh an Roinn tuairisc ar sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge agus ar chur i bhfeidhm na Scéime sa Tuarascáil Bhliantúil.

Eagróidh an tAonad Pleanála Corparáideach an mhonatóireacht agus an tuairisciú a dhéantar ar an Scéim go hinmheánach agus go seachtrach mar atá leagtha amach in alt 4.13.

Déanfar monatóireacht ar an éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge le linn ré feidhme na Scéime. Déanfar suirbhéireacht maidir leis na hoifigí ina ndéileáltar duine le duine le custaiméirí i rith ré na Scéime chun an leibhéal agus an cineál seirbhíse atá ar fáil trí Ghaeilge a mheas.

Beidh na Ceannasaithe Réimsí Gnó freagrach as cur i bhfeidhm na Scéime ina réimse féin.

Déanfaidh an Roinn athbhreithniú bliantúil ar chomhlíonadh na dtiomantas faoin Scéim Teanga.

## 5.2 Foilsiú agus Cur Chun Cinn

Cuirfear leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus scaipfear ar an bhfoireann é agus ar na gníomhaireachtaí cuí ar fad.

Cuirfear fógraí ar taispeáint sna hoifigí cuí ar fad á chur in iúl do chustaiméirí go bhfuil seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil.

Cuirfear comhairle ar earcaigh nua sa Roinn faoina gcuid oibleagáidí faoin Acht agus faoin Scéim mar chuid den oiliúint ionduchtúcháin agus cuirfear ar an eolas iad faoi na tacaíochtaí foghlama atá ar fáil dóibh.

Cuirfear ar aghaidh cóip den Scéim chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

## Aguisín 1

Faoi láthair, tagann na nithe seo a leanas san áireamh le Seirbhísí MyWelfare;

- Coinne a Dhéanamh chun Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) a fháil (Beo Iúil 2015)
- Coinne a Dheánamh chun Cárta Seirbhísí Poiblí (CSP) a fháil (Beo Iúil 2015)
- Iarratas le haghaidh Íocaíocht Chuardaitheora Poist (Beo Feabhra 2016)
- Iarratas le haghaidh Sochar Máithreachais (Beo Meán Fómhair 2016)
- Iarratas le haghaidh Sochar Atharthachta (Beo Meán Fómhair 2016)
- Iarratas le haghaidh Sochar Linbh (Beo Meán Fómhair 2016) (seirbhís le cuireadh amháin)
- Iarratas le haghaidh aisíoc ÁSPC (Beo Meitheamh 2017)
- D'éileamh ar Sochar Cuardaitheora Poist a Dhúnadh (Beo Eanáir 2016)
- Saoire Cuardaitheora Poist a Iarraidh (Beo Eanáir 2016)
- Ráiteas Íocaíochta a Iarraidh (Beo Feabhra 2016)
- Sonraí Oibre agus Scileanna a Chur Isteach (Beo Bealtaine 2016)
- Ráiteas* Ranníocaíochta a Iarraidh (Beo Iúil 2017)
- Seoladh a Uasdhátú/Athrú (Beo Iúil 2017)
- Incháilitheacht maidir le Sochar Coireála a Sheiceáil (Beo Samhain 2017)
- Áiritheoir sochar fostaíochta dóibh siúd a fhaigheann íocaíochtaí míchumais/breoiteachta (Bealtaine 2018)

## Aguisín 2

## Oifigí Intreo agus Brainse atá ábalta Seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil i 2018

| Limistéar Roinne Réigiúnach | Ionaid Intreo | Oifigí Brainse |
|---|---|---|
| Corcaigh | Beanntraí<br>Carraig Uí Leighin<br>Corcaigh (Sráid Hanover) | Droichead na Bandan<br>Mainistir Fhear Maí<br>Cionn tSáile<br>Mala<br>An Sciobairín |
| Baile Átha Cliath Lár | Cearnóg an Easpaig<br>Sráid Chorcaí<br>Bóthar na hUaimhe<br>Nutgrove<br>Sráid Parnell | |
| Baile Átha Cliath Thuaidh | Baile Brigín<br>Baile Munna<br>An Chúlóg<br>Fionnghlas<br>Cill Bharróg<br>Sord | Baile Átha Troim |
| Baile Átha Cliath Theas/ Laighin Láir | Bré<br>Cluain Dolcáin<br>Dún Laoghaire<br>Tamhlacht | Baile Átha<br>Í Cill Mhantáin |
| Lár na Tíre | Baile Átha Luain<br>Cluain Meala<br>Cill Chainnigh<br>An Longfort<br>An Muileann gCearr | Baile na gCros<br>Cúil an tSúdaire |
| An Meániarthar | Beanntraí<br>Cathair Saidhbhín<br>Inis<br>Cill Airne<br>Luimneach<br>Lios Tuathail<br>An Caisleán Nua Thiar<br>Trá Lí | An Daingean**<br>Inis Díomáin<br>Cill Mocheallóg<br>Cill Orglan<br>Áth Trasna<br>An Tulach |
| An tOirthuaisceart | Dún Dealgan | |
| An tIarthuaisceart | An Clochán Liath*<br>Bun Cranncha<br>Dún Fionnachaidh<br>Leitir Ceanainn<br>Cluainín<br>Sligeach | Na Cealla Beaga<br>Tobar an Choire |
| An tOirdheisceart | Port Láirge | An Chathair<br>Carraig na Siúire<br>Caiseal<br>Dún Garbháin<br>Ros Mhic Thriúin |
| An tIarthar | Acaill*<br>Béal an Átha<br>Béal an Mhuirthead*<br>Caisleán an Bharraigh<br>An Clochán<br>Cathair na Gaillimhe<br>Baile Locha Riach<br>Cathair na Mart | Béal Átha na Sluaighe<br>Mainistir na Búille<br>An Caisleán Riabhach<br>An Gort<br>Béal Átha na Muice<br>Tuaim |

* *Seasann sé seo d'Oifigí lonnaithe i gceantair Ghaeltachta*
** *Seasann sé seo d'Oifigí Brainse i gceantair Ghaeltachta*